C/2024/7420

10.12.2024

# Fógra le haghaidh na ndaoine agus an eintitis atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/3088 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. Uimh. 1183/2005 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán (AE) 2024/3107 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó

(C/2024/7420)

Dírítear aird na ndaoine agus an eintitis a luaitear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/788/CBES ón gComhairle [1], arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/3088 ón gComhairle [2], agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. Uimh. 1183/2005 ón gComhairle [3], arna chur chun feidhme le Rialachán (AE) 2024/3107 ón gComhairle [4], a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá cinneadh déanta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart leanúint de na daoine agus den eintiteas a luaitear sna hIarscríbhinní thuasluaite a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2010/788/CBES agus i Rialachán (CE) Uimh. Uimh. 1183/2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. Tugtar na forais leis na daoine agus na heintitis sin a ainmniú sna hiontrálacha ábhartha sna hIarscríbhinní sin.

Cuirtear in iúl do na daoine agus don eintiteas lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suímh ghréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. Uimh. 1183/2005, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 3 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus an t-eintiteas lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle roimh **an 1 Meán Fómhair 2025**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch an chéad athbhreithnithe eile ón gComhairle, de bhun Airteagal 9 de Chinneadh 2010/788/CBES.

Cuirtear in iúl do na daoine agus don eintiteas lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, in Airteagal 263, an ceathrú agus an séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

[1] IO L 336, 21.12.2010, lch. 30.
[2] IO L, 2024/3088, 10.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3088/oj.
[3] IO L 193, 23.7.2005, lch. 1.
[4] IO L, 2024/3107, 10.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3107/oj.